**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16142/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0228(COD)**

**AGRI 761**
**AGRILEG 319**
**SEMENCES 111**
**PHYTOSAN 121**
**FORETS 195**
**CODEC 2320**
**IA 341**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) / An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11503/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 5 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún dhá thogra reachtacha a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na rialacha maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí (PRM) agus ábhair atáirgthe foraoise (FRM) san Aontas. Tíolacadh iad an 6 Iúil 2023 mar chuid de phacáiste bia agus bithéagsúlachta an Choimisiúin, tacar tograí reachtacha lena gcumhdaítear freisin sláinte ithreach, teicnící géanómaíocha nua agus an t-athbhreithniú páirteach ar an Treoir Réime Dramhaíola.

2. Tagann an Rialachán atá beartaithe maidir le FRM[1] in ionad Threoir 1999/105/CE ón gComhairle. Cuirtear san áireamh ann na forbairtí is déanaí i réimse na foraoiseachta, lena n-áirítear Straitéis nua Foraoise an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 agus caighdeáin nua ECFE maidir leis an Scéim Síolta Foraoise agus Plandaí. Is iad na cuspóirí seo a leanas na cuspóirí atá aige:

– Na rialacha atá ann faoi láthair a shoiléiriú agus a nuachóiriú,

– Cothroime iomaíochta a áirithiú le haghaidh oibreoirí,

– Tacú le nuálaíocht agus iomaíochas tionscal an Aontais,

– Cur leis an iarracht aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht, an bhithéagsúlacht agus na dúshláin a bhaineann leis an aeráid,

– Oiriúnú d’fhorbairtí eolaíocha agus teicniúla nua,

– Tacú le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha foraoise. agus

– Feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht leis an reachtaíocht maidir le rialuithe oifigiúla agus maidir le sláinte plandaí.

Cumhdaítear leis an Rialachán nua síolta, codanna de phlandaí agus plandaí a úsáidtear le haghaidh foraoisiú, athfhoraoisiú agus cineálacha eile plandála crann.

3. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe atá an phríomhfhreagracht agus tá Herbert Dorfmann (PPE, an Iodáil) ceaptha ina rapóirtéir. Foilsíodh a dhréacht-tuarascáil an 10 Samhain 2023. Tabharfaidh an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia tuairim uaidh ina leith.

[1] 11503/23 + ADD 1

## II. STAID NA hIMEARTHA I dTACA LEIS AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

1. Thíolaic an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair uaidh[2] ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Acmhainní Géiniteacha agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht (dá ngairtear 'an Mheitheal' anseo feasta) an 6 Iúil 2023. Ina dhiaidh sin, an 25 Iúil 2023, cuireadh an togra i láthair ag Comhairle AGRIFISH.

2. Leanadh den scrúdú agus den phlé mionsonraithe ar airteagail an togra idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2023. Le linn Uachtaránacht na Spáinne, dhírigh ceithre chruinniú den Mheitheal san iomlán ar an bplé a rinneadh ar Airteagail 1-17, 30 agus 31 agus ar Iarscríbhinní II-VII a ghabhann leis an togra.

3. **NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA AGUS AN DUL CHUN CINN A RINNEADH**

Chuir na toscaireachtaí líon mór barúlacha teicniúla in iúl ó bhéal agus i scríbhinn. Chuir na toscaireachtaí líon mór barúlacha teicniúla in iúl ó bhéal agus i scríbhinn maidir le téacs iomlán an togra. Mar a léirítear thuas, d'oibrigh Uachtaránacht na Spáinne ar théacs athbhreithnithe le haghaidh Airteagail 1-17, 30, 31 agus Iarscríbhinní II-VII agus rinne sí iarracht formhór na mbarúlacha sin a chur san áireamh, agus é mar aidhm aici ábhar na nAirteagal sin a fhorbairt agus a shoiléiriú.

**(a) <u>Barúlacha ginearálta</u>**

Chuir na toscaireachtaí barúlacha ginearálta isteach maidir leis an togra ina iomláine. Tacaíonn siad den chuid is mó le príomhchuspóirí an togra, mar a mheabhraítear thuas, agus is díol sásaimh dóibh go bhfuil FRM ina ábhar do phíosa reachtaíochta neamhspleách.

Is mór acu freisin gur coinníodh na sé chineál bunúsacha ábhair (foinse síl, clampa, síolghort, máthairchrainnte na fine, clón nó meascáin chlónacha) agus na ceithre chatagóir FRM (sainaitheanta, roghnaithe, cáilithe, tástáilte).

---

[2] 11694/23

Thug líon mór toscaireachtaí dá n-aire a thábhachtaí atá sé go gcoinneodh na Ballstáit méid áirithe saoirse chun cinntí náisiúnta a ghlacadh, go háirithe maidir leis an liosta speiceas atá le háireamh i raon feidhme an Rialacháin, maidir le cáilíocht FRM a chuirtear ar an margadh agus maidir le heagrú oibríochtaí rialaithe.

Thairis sin, sainaithnítear sna barúlacha ginearálta roinnt réimsí inar gá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na forálacha atá beartaithe, go háirithe:

– **Ionstraim dlí/cumhachtú an Choimisiúin**

Tá roinnt toscaireachtaí den tuairim nach bhfuil údar leordhóthanach leis an ionstraim dlí a athrú ó Threoir go Rialachán. Ba mhaith leis na toscaireachtaí sin an córas reatha a choimeád lena bhforáiltear d'íoschaighdeáin aonfhoirmeacha uile-Eorpacha agus lena dtugtar dóthain solúbthachta do na Ballstáit chun na dálaí áitiúla éagsúla a chur san áireamh.

Tá roinnt toscaireachtaí den tuairim go bhfágann an líon mór gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme gur deacair measúnú iomlán a dhéanamh ar an reachtaíocht nua agus go bhféadfadh sé prionsabal na coimhdeachta a shárú. Caithfear cothromaíocht a lorg idir comhchuibhiú níos fearr a bhaint amach agus ceanglais náisiúnta a chur san áireamh.

– **Feidhm**

Beidh feidhm ag an Rialachán 3 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Is cosúil, áfach, go bhfuil an amlíne sin róghearr do roinnt toscaireachtaí ós rud é go bhfuil líon mór gníomhartha cur chun feidhme sa Rialachán agus go mbeidh ar na Ballstáit líon mór rialacha náisiúnta a ghlacadh. Measann siad freisin nach féidir ábhar an Rialacháin a mheasúnú ach go sealadach.

– **An t-ualach riaracháin**

Tá roinnt toscaireachtaí den tuairim go bhfuil gnéithe nós imeachta róchasta agus ceanglais faisnéise agus údaruithe iomarcacha breise atá le tabhairt ag na húdaráis inniúla sa togra. Bheadh acmhainní suntasacha breise airgeadais agus foirne i gceist leis an gcur chun feidhme.

**(b) <u>Barúlacha maidir leis na hairteagail a scrúdaíodh</u>**

Thug na toscaireachtaí na barúlacha seo a leanas uathu go háirithe:

– **Comhchuibhiú**

Ní mór údar breise a thabhairt leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le reachtaíocht FRM a chur isteach i raon feidhme Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla agus Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le sláinte plandaí toisc go bhfuil eagla ar roinnt Toscaireachtaí go bhféadfadh iarmhairtí neamh-inmhianaithe a bheith mar thoradh air sin trí ualaí riaracháin nua a chruthú, go háirithe do chuideachtaí beaga.

Is díol sásaimh d'fhormhór na dtoscaireachtaí comhchuibhiú na reachtaíochta maidir le hábhar atáirgthe foraoise le Scéim Síolta Foraoise agus Plandaí ECFE.

– **Pleananna Teagmhais Náisiúnta**

Leis an togra ceanglaítear ar na Ballstáit pleananna teagmhais náisiúnta a ullmhú chun soláthar leordhóthanach ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú chun limistéir, a ndéanann teagmhais adhaimsire, falscaithe, ráigeanna de lotnaidí, agus tubaistí eile difear dóibh, a athfhoraoisiú. Measann formhór na dToscaireachtaí gur cheart na pleananna sin a bheith saorálach agus iarrann siad go mbeadh tacaíocht airgeadais in ann chun a bheith in ann iad a dhréachtú agus a chur chun feidhme.

– **Sainmhínithe**

Cuireann na toscaireachtaí i bhfios go láidir go bhfuil go leor sainmhínithe ródhoiléir agus gur gá iad a athfhoirmliú. Measann siad gur gá sainmhínithe eile, amhail an sainmhíniú ar ‘oibreoir gairmiúil’ a ailíniú leis an sainmhíniú céanna sa Rialachán maidir le Sláinte Plandaí. Ba cheart sainmhínithe eile a ailíniú le sainmhínithe ECFE. Déanfar athbhreithniú an dara huair ar na sainmhínithe i bhfianaise an chéad scrúdaithe iomláin ar na hairteagail lena mbaineann siad.

– **Acmhainní Géiniteacha Foraoise (FGR)**

Tá imní ar roinnt toscaireachtaí go bhféadfadh na hairteagail nua lena rialaítear táirgeadh FGR ó aonaid fógra córas oscailte a ghiniúint chun ábhair bhunúsacha a chlárú. Dhéanfadh na hoibreoirí gairmiúla an cháilíocht a shainiú go haontaobhach ansin agus gan bailíocht eolaíoch.

– **Oibreoirí gairmiúla údaraithe agus lipéid oifigiúla**

Ba mhaith leis na toscaireachtaí na forálacha sin a shoiléiriú, go háirithe na forálacha maidir leis na hiniúchtaí chun a áirithiú go gcomhlíonann oibreoirí gairmiúla na ceanglais maidir le húdarú chun na lipéid oifigiúla a eisiúint. Ba mhaith leis na toscaireachtaí freisin go leanfadh oibreoirí gairmiúla de dhoiciméad an tsoláthróra a eisiúint, doiciméad a d’fhéadfadh teacht in ionad lipéad an tsoláthróra faoi láthair agus a bhfuil go leor faisnéise ann.

– **Críocha neamhfhoraoiseachta**

B’fhearr le roinnt toscaireachtaí go gcoinneofaí na forálacha atá ann faoi láthair lena gceadaítear do na Ballstáit ábhar atáirgthe foraoise a tháirgeadh chun críoch neamhfhoraoiseachta ar choinníoll go ndéantar an lipéadú agus an mhaoirseacht chuí air.

– **Meascáin chlónacha:**

Fágann na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn IV maidir le meascáin chlónacha gur deacair meascáin chlónacha a chur ar an margadh chun críoch bithéagsúlachta. Is mian le roinnt toscaireachtaí a chur san áireamh go bhféadfaí na hábhair sin a tháirgeadh ó ábhair atá sainaitheanta de réir foinse trí iomadú fásúil.

– **Hibridí nádúrtha**

Tá roinnt toscaireachtaí i bhfabhar a mheas gur hibridí saorga iad hibridí nádúrtha nó speicis rialáilte.

– **Buaint agus bailiú FRM**

D'iarr roinnt toscaireachtaí go n-áireofaí íoschaighdeáin do bhuaint agus do bhailiú FRM.

– **Faisnéis éiginnte maidir dálaí aeráide agus éiceolaíocha atá ann faoi láthair agus dálaí aeráide agus éiceolaíocha a réamh-mheastar don todhchaí,.**

Chuir roinnt toscaireachtaí i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le faisnéis a bheith ar fáil lena dtacaítear le hoiriúnú agus feidhmíocht níos fearr FRM do na dálaí allamuigh ach faoi láthair ní féidir ach moltaí a chur ar fáil ar cheart do na húdaráis inniúla iad a chur ar fáil.

4. Tá rún ag an Uachtaránacht leanúint leis an bplé sin sna seachtainí amach romhainn agus oibreoidh sí ar théacs ón Uachtaránacht. Tionólfaidh an Uachtaránacht físchomhdháil neamhfhoirmiúil eile de chomhaltaí na Meithle an 19 agus an 20 Nollaig 2023 d'fhonn moltaí athdhréachtaithe ón Uachtaránacht[3] faoi na hairteagail a scrúdaíodh go dtí seo a chur i láthair agus é mar aidhm an t-ábhar iontu a fhorbairt agus a shoiléiriú.

[3] 16296/23 (le foilsiú go luath)

5. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht na Spáinne, tá sé beartaithe ag Uachtaránacht inteachta na Beilge leanúint den obair ar an gcomhad tábhachtach seo ar an leibhéal teicniúil.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an scrúdú ar an togra a thabhairt dá haire agus tuairimí a mhalartú.